



## **PÁIPÉAR CATT 2 (12) JC**

# **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS**

## **AN CÚIGIÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH DÉAG**

### **ARD MHACHA**

### **2 SAMHAIN 2012**

### **COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an cúigiú cruinniú iomlánach déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Ard Mhacha ar 2 Samhain 2012.
2. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP CTR, a bhí ina chathaoirleach ar an chruinniú. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Enda Kenny TD. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. Chuir Airí a gcomhbhrón in iúl do theaghlach David Black, an fear a dúnmharaíodh go brúidiúil inné agus é ar an bhealach go dtí a ionad oibre, agus cháin siad na daoine a bhí freagrach as an ainghníomh sin. Athdheimhnigh Airí go bhfuil rún diongbháilte acu gan ligean do bhearta mar seo an pobal a tharraingt siar do dtí an dóigh a raibh rudaí san am a chuaigh thart.

4. Phléigh an Chomhairle na dúshláin eacnamaíochta atá roimh an dá dhlínse agus an obair atá á déanamh le dul i ngleic leis an ghéarchéim Dhomhanda Gheilleagrach. Phléigh Airí go sainiúil dúshláin in earnáil na baincéireachta, GNBS, Cáin Chorparáideach agus na sochair a bhaineann le bheith ag obair i gcomhpháirt le naisc thrádála a chothú le córais gheilleagair ar nós na Síne. Phléigh Airí fosta an tábhacht atá leis an turasóireacht don dá gheilleagar agus d'aithin an tábhacht atá lena oiread leasa agus is féidir a bhaint as mórtionscnaimh ar nós na gCluichí Domhanda Póilíní agus Dóiteáin, cheiliúradh Chathair an Chultúir agus Tóstal Éireann 2013.
5. Pléadh ceist na sábháilteachta ar an fheirm fosta agus chuir Airí a gcomhbhrón in iúl do gach duine a chaill baill teaghlach i dtimpistí ar fheirmeacha.
6. Rinneadh plé ar Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn agus aontaíodh go mbuailfeadh Feidhmeannaigh Shinsearacha le chéile agus tograí a tharraingt anuas roimh dheireadh na bliana.
7. Dheimhnigh Airí a dtiomantas do Réigiún an Iarthuaiscirt agus nótaíl go mbeidh tuilleadh plé ar Thionscnaimh Thairseach an Iarthuaiscirt.

## **UACHTARÁNACHT NA hÉIREANN AR AN AE**

8. Phléigh Airí Uachtaránacht na hÉireann ar an AE le linn an chéad leath de 2013. Nótaíl siad tosaíochtaí théarma na hUachtaránachta agus go bhfuil clár iomlán imeachtaí beartaithe. Nótaíl Airí gur dócha go ndéanfar cinntí móra le linn na hUachtaránachta ar a n-áirítear cinntí ar an Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus ar chlár chistithe Eorpacha amach anseo. Aithníodh an tábhacht atá le teagmháil laistigh de CATT lena oiread leasa agus is féidir a bhaint as Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Nótaíodh go bhfuil socruithe déanta lena chur ar chumas Airí na hÉireann faisnéis a thabhairt dá Macasamhail san Fheidhmeannas ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Uachtaránacht ag cruinnithe CATT agus go ndéanfar machnamh ar chomhpháirtíocht a bheith ag Airí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag imeachtaí a bhfuil baint acu leis an Uachtaránacht.

## **TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN**

9. Nótaíl an Chomhairle an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT ar obair na bhForas Thuaidh Theas agus go raibh 24 cruinniú ag CATT go dtí seo i mbliana. D'fháiltigh an Chomhairle fosta roimh na croífhorbairtí seo:
  - tógáil an aonaid radaiteiripe in Allt Mhic Dhuibhleacháin atá le tosú sa bhliain 2013 agus an t-aonad le bheith ag feidhmiú sa bhliain 2016;
  - clár oibre don am atá le teacht forbartha ag An Ghrúpa Stiúrtha ar Chosaint Leanaí a thabharfar chun cinn trí chúig shruth oibre ar leith;

- tá MC comhaontaithe maidir le hOileán na hÉireann a chosaint ar ionradh galair ainmhithe andúchasacha atá mar bhonn agus taca ag an tiomantas do chroíphrionsabail sa Straitéis Uile-Oileáin ar Shláinte agus Folláine Ainmhithe;
- an tátal a baineadh as comhchigireacht de chuid na Ranna Oideachais ar Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin go bhfuil “an t-aonad ag freastal go han-éifeachtúil ar riachtanais na ndaoine óga, a gcuid piaraí, tuismitheoirí agus ar lucht gairme agus go bhfuil a chumas chun fheabhsú inbhuanaithe léirithe aige. Ag a gcrúinniú ar 17 Deireadh Fómhair, d’aontaigh Airí Oideachais go leanfadh siad dá dtacaíocht d’iarrachtaí an dá rialtas a chinntiú go soláthrófar roimh i bhfad an fhorbairt ar Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin faoi mar a comhaontaíodh;
- cuireadh tús le hobair ar aisdúichiú dramhaíola a dumpáladh go mídhleathach ag dhá shuíomh eile i gContae Thír Eoghain, mar atá Seisceann Odhar agus Eiscreach, Clochar. Is tosaíocht fós í ag an bheirt Airí Comhshaoil agus ag a Ranna beart comh-fhorfheidhmiúcháin le déileáil le hoibritheoirí mídhleathacha agus leanfar d’acmhainní a dhíriú air seo;
- tá amchlár croí-gharspriocanna aontaithe le gur féidir an reachtaíocht chuí a chur in áit faoi dheireadh 2014 i leith comhaithint pointí pionóis ar fud an oileáin;
- chruthaigh/bhuanaigh InterTradelreland 115 post sa chéad leath den bhliain in aghaidh sprioc 150 agus, i dtréimhse Meitheamh 2011 – Iúil 2012, éascaíodh tarraingt anuas €20M ó Chlár FP7 do 19 dtionscadal trasteorann. Tá InterTradelreland ag reáchtáil fosta dhá chlár nua (*Challenge* agus *Elevate*) atá saindeartha le cuidiú le SMEanna a gcumas nuála agus easpórtála a fhorbairt. Táthar ag léiriú an-suime sa dá Chlár agus tá torthaí dá réir ag eascairt astu;
- cuireadh tús le forbairt iar-2013 Chláir AE ar Chomhoibriú Críochach agus tionóladh go leor comhairliúchán poiblí cheana féin;
- bhuaigh feachtas feaschta ar mhurtall an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (*biaslán*) “Stop the Spread” an gradam óir sa rannóg cúram sláinte ar Ghradaim 2012 Margaíocht Chomhtháite Dhíreach An Post;
- rannpháirt shuntasach Gníomhaireacht na Lochanna in imeachtaí Chlipéar Thart ar an Domhan agus a chuid ullmhúchán do na himeachtaí slatiascaireachta mara agus breac de chuid na gCluichí Domhanda Dóiteáin agus Póilíní;
- tá Gníomhaireacht na hUltaise ag forbairt pleananna le ceantair *Hairtlan* Ultaise a chur chun cinn arb aidhm dóibh an oidhreacht Ultaise a chaomhnú, a chosaint agus a chur i láthair trí shonrú tíreolaíoch;

- chuir Foras na Gaeilge plan athbhreithnithe feidhmithe ar fáil i gcomhair athbhreithniú bunmhaoinithe ag cruinniú Teanga CATT in Iúil 2012. Cuirfear na moltaí deiridh i láthair an chéad chruinniú Teanga eile de chuid CATT i mí na Nollag 2012;
- tá athchóiriú Chanáil Uladh ó Chluain Eois go Loch Éirne Uachtair ag dul chun cinn tríd an phróiseas iarratas pleanála sa dá dhlínse. Cuireadh grúpa trasrannach ar bun le gach rogha chun an tionscadal a thabhairt chun cinn a iniúchadh; agus
- tá Tourism Ireland ag soláthar dhá fheachtas mhóra poiblíochta faoi láthair ar son “*Tóstal Éireann 2013*” agus “*Cathair Chultúir RA 2013*”.

### **FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS**

10. Nótáil CATT an staid reatha ar Fhóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas agus aontaíodh an cheist a athbhreithniú ag Cruinniú Iomlánach CATT amach anseo.

### **FÓRAM PARLAIMINTEACH THUAIDH THEAS**

11. D’fháiltigh Airí roimh bhunú an Chumann Idir-Pharlaiminteach Thuaidh Theas agus nótáil gur thionóil sé an chéad chruinniú i mBaile Átha Cliath ar 12 Deireadh Fómhair 2012. Nótáil Airí gur phléigh comhaltaí an Tionóil agus an Oireachtais Canáil Uladh agus Cosaint Leanaí agus d’aontaigh teacht le chéile arís in Aibreán 2013.

### **CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO**

12. D’fhaomh airí sceideal chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, ar a n-áirítear chruinniú iomlánach CATT in Iúil 2013.

**An Chomhrúnaíocht  
2 Samhain 2012**

## IARSCRÍBHINN A

### CRUNNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS ARD MHACHA, 2 SAMHAIN 2012

<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>	<b>Rialtas na hÉireann</b>
An Ró-Onórach Peter Robinson CTR Céad-Aire	Enda Kenny TD Taoiseach
Martin McGuinness MP CTR LeasChéad-Aire	Eamon Gilmore TD Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Alex Attwood CTR Aire Comhshaoil	Michael Noonan TD Aire Airgeadais
Stephen Farry CTR Aire Fostaíochta agus Foghlama	Ruairí Quinn TD Aire Oideachais agus Scileanna
Arlene Foster CTR Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta	Richard Bruton TD Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
John O'Dowd CTR Aire Oideachais	Joan Burton TD Aire Coimirce Sóisialaí
Michelle O'Neill CTR Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe	Jimmy Deenihan TD Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Edwin Poots CTR Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí	James Reilly TD Aire Sláinte
Sammy Wilson MP CTR Aire Airgeadais agus Pearsanra	Leo Varadkar TD Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Jonathan Bell CTR Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire	Shane McEntee TD An tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige i leith Bia, Gairneoireachta agus Sábháilteachta Bia
Jennifer McCann CTR Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire	